BHUEL! SAMHAIN 2012

! IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

# Spraoi Cois Laoi 2012

## 19-23 Samhain

### Dé Luain:

1pm: Scaoileadh na mBalún san Amfaitéatar ar son *Hope*
Oscailt Oifigiúil leis an aoi speisialta, Seán Bán Breathnach,
Dinnéar, Bál & Céilí Mór san *Óstán Silversprings*
7.30pm: Dinnéar
10pm: Céilí agus dioscó traidisiúnta
Busanna ag fágaint Bhóthar Uí Dhonnabháin ag 6.30pm agus ag 9.30pm

### Dé Máirt:

1pm: Ciorcal Comhráidh sa tSeomra Caidrimh
Píotsa agus aoi speisialta!
9pm: Oíche *"Úsáid do Theanga"* in éineacht le Cumann na dTeangacha sa tigh tábhairne *Sober Lane*

### Dé Céadaoin:

1pm: Ceolchoirm thraidisiúnta le Damien Mullane sa tSeanbheár
9pm: Oíche *"Tóg Amach Mé"* in éineacht le hAontas na Mac Léinn agus ceolchoirm thraidisiúnta sa tSeanbheár

### Déardaoin:

1pm: Dráma *"An Triail"* léirithe ag an gCumann Drámaíochta i WW6
6pm: Ciorcal Comhráidh sa tSeomra Caidrimh
9pm: Céilí agus dioscó traidisiúnta san *Oliver Plunkett*

Tuilleadh eolais: Facebook – An Chuallacht UCC

Bígí linn!

# AN CHUALLACHT

Haigh! Is mise Ruth Nic Ginneá, Reachtaire na Cuallachta i mbliana agus ba mhian liom aidhmeanna na Cuallachta agus na himeachtaí a bheidh ar siúl againn i mbliana a léiriú daoibh.

Ar an gcéad dul síos, bíonn ciorcal cómhráidh againn dhá uair sa tseachtain! Bíonn sé ar siúl sa Seomra Caidrimh san ORB (Áras Uí Rathaille) ar a haon a chlog gach Máirt agus ar a sé a chlog gach Déardaoin. Bíonn cómhrá, craic agus cúpla briosca i gceist! Bíonn píotsa ar fáil chomh maith i mbliana! Tugann sé deis iontach do gach éinne an Ghaeilge a labhairt go nádurtha gan bhrú gach focal a bheith i gceart. Is seans é chun taitneamh a bhaint as bheith ag labhairt!

Chuamar go dtí an tOireachtas i Leitir Ceanainn cúpla seachtain ó shin agus deireadh seachtaine iontach a bhí ann gan aon agó! Anuas air sin, beidh Spraoi Cois Laoi ar siúl 19-23 Samhain. Osclóidh Seán Bán Breathnach an fhéile go hoifigiúil ag an mbál oíche Luain agus beidh an TradSoc agus an Cumann Drámaíochta in éineacht linn ar an oíche chomh maith. Oíche iontach a bheidh inti le béile, céilí, siamsaíocht agus DJ chomh maith. Beidh an-chuid imeachtaí eile ar siúl le linn Spraoi Cois Laoi ó oícheanta amach go drámaí ón gCumann Drámaíochta. Geallaim daoibh gur seachtain iontach a bheidh inti!

Leanfaidh an chraic ar aghaidh i ndiaidh na Nollag le Seachtain na Gaeilge i mí an Mhárta agus má tá an t-ádh linn, b'fhéidir turas go dtí an Bhruiséil chun bualadh le daoine i mbun aistriúcháin ann i mí Aibreáin!

Tá an coiste ar fad ag súil go mór le bualadh libh ar fad go luath ag imeacht éigin. Slán go fóill! Bígí linn!

Ríomhphost: anchuallacht@uccsocieties.ie
Facebook: An Chuallacht UCC

**Ruth Nic Ginneá**

**Baill den Chuallacht.**

Comhghairdeachas ó chroí le beirt ón gCuallacht, Lára Ní Dhálaigh agus Seán de Priondragás a bhuaigh an tarna duais sa chraobh den Chomórtas Díospóireachta Tríú Leibhéil ag an Oireachtas ar 3 Samhain 2012. Deineann Gael-Linn urraíocht ar an gcomórtas agus bhronn Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Ghael-Linn an duais orthu. Ba é an t-ábhar a bhí faoi chaibidil ag na foirne ná '*Tá ár bhféiniúlacht mar náisiún caillte againn in Éirinn'*. Bhí ceithre fhoireann páirteach sa chomórtas agus bhí Seán Ó Ceallaigh, Gael-Linn mar chathaoirleach. Bhí iar-bhuaiteoir Cillian Fennell, Stiúrthóir, *Stillwater Communications* mar aoichainteoir. Agus é ag tréaslú leis na buaiteoirí, dúirt an tUasal Ó Coileáin: ''Tugann an comórtas díospóireachta seo deis do mhic léinn casadh ar a chéile agus an Ghaeilge mar mheán cumarsáide eatarthu. Ós rud é go ndéanann mic léinn cairde saoil le linn a dtréimhse ar an tríú leibhéal, is áthas le Gael-Linn gur trí Ghaeilge a dhéanfar daingniú ar an gcaradas ag an gcomórtas díospóireachta.'

# *Cumann an Cheoil Thraidisiúnta*

An bhfuil suim agat sa cheol, san amhránaíocht nó sa rince gaelach? Bhuel, má tá, is é TradSoc UCC, an cumann duitse! Cuirimid fáilte roimh chuile duine chuig ár n-imeachtaí. Ná bí buartha muna bhfuil cur amach agat ar an gceol, geallaimid duit go mbainfidh tú an-taitneamh as an méid a bheidh ar siúl againn!

Tá dhá sheisiún seachtainiúil á rith againn i mbliana. Bíonn seisiún amháin ar siúl sa Spailpín Fánach gach oíche Luain le haghaidh ceoltóirí atá ag dul i bhfeabhas. Tá leabhar de phoirt nua ar fáil ar líne, ina bhfuil an chuid is mó de na poirt a bheidh á seinm sa Spailpín. Bíonn seisiún le haghaidh ceolteoirí atá ar ardchaighdeán i dtigh tábhairne Uí Chostagáin gach oíche Chéadaoin. Bíonn ceolchoirm seachtainiúil, saor in aisce, ar siúl am lóin gach Céadaoin sa tSeomra Caidrimh san ORB. Tá clár na bliana ar fáil ar an idirlíon nó pioc suas leabharmharc an TradSoc.

Is é buaicphointe na bliana seo ná an imeacht bliaintiúil TradFest Chorcaí. Beidh sé ar siúl 1-3 Feabhra 2013. Chomh maith leis seo, beidh Seachtain Trad UCC ar siúl 19-23 Samhain. Beidh sé seo le haghaidh mac léinn UCC amháin. Bí ag tnúth le ceolchoirmeacha le bannaí den scoth, céilí, ceardlanna agus ar ndóidh, an-chraic ar fad.

Ta súil againn gur spreagamar tú chun bheith i do bhall den chumann. Beidh muid ag obair go dian dícheallach ar feadh na bliana chun a chinntiú nach mbeidh easpa ceoil traidisiúnta le clos sa choláiste. Is deiseanna iontacha iad ár n-imeachtaí agus turasanna rúndiamhra le haghaidh lucht na chéad bhliana chun bualadh le daoine nua nó chun bualadh le ceoltóirí eile ar bhuail tú leo cheana ag an bhfleadh!

Bí linn chun a chinniú nach chailleann tú amach ar an mbliain iontach a bheidh ar siúl againn!

**Treasa Nic an Airchinnigh**

Suíomh idirlín: www.ucctradsoc.com
Ríomhphost: tradsoc@uccsocieties.ie
Facebook: www.facebook.com/ucctradsoc
Twitter: www.twitter.com/ucctradsoc

**Seisiún i dtigh tábhairne Uí Chostagáin le déanaí.**

**Ceolchoirm sa tSeomra Caidrimh le déanaí.**

# An Cumann Drámaíochta

Is cumann cuíosach nua é an cumann drámaíochta. Athbunaíodh é i rith na chéad bhliana agamsa sa choláiste, trí bliana ó shin. Toghadh mar bhall den choiste mé is mé sa dara bliain sa choláiste. Cad a bhíonn ar siúl againn sa chumann drámaíochta? Bhuel, léirímid drámaí, gan dabht. Ach, anuas air sin, bímid ag iarraidh taispeáint go bhfuil i bhfad níos mó i gceist leis an nGaeilge ná fé mar a cheapann daoine. Ní hamháin gur teanga bheo í an Ghaeilge ach gur fiú go mór do dhaoine a bhfuil aon ghreim in aon chor acu uirthi mar theanga, í a úsáid chun craic a bheith acu tré mheán na teangan.

Tá sé de nós againn drámaí beaga a léiriú toisc gur cumann beag sinn agus i ndáiríre saghas nua fós. Ach is maith an rud é sin, mar a tharlaíonn, go pointe áirithe. Éiríonn le nach mór gach aon duine sa chumann páirt a ghlacadh sna drámaí agus anuas air sin, is féidir linn ár rogha drámaí a léiriú. Mar shampla, chumas féin, i gcomhairle le mo chomrádaithe ar an gcoiste, ár ndréacht féin de 'Mean Girls' as Gaeilge an dara bliain go rabhasa mar bhall den chumann. 'Cailíní gránna' a thugamar air agus thaistealaíomar go dtí an Daingean i gContae Chiarraí agus go dtí an Ghaillimh chun páirt a ghlacadh i bhFéile Drámaíochta na gColáistí Tríú Leibhéil. Bhí na turasanna seo thar a bheith taitneamhach. Nuair a chuamar go dtí an Daingean, thógamar tigh ar cíos agus bhí an-chraic go deo againn. Fad a bhíomar sa Ghaillimh, bhíomar lonnaithe in óstán i lár na cathrach agus bhí oícheanta go maidin againn i gclubanna na Gaillimhe.

Agus an méid sin ráite, is é ceann de na buntáistí is mó a bhaineann le cumann ar nós an cumann drámaíochta ná na cairde a dheineann tú. De ghnáth, muintir seoigh, lán de spraoi is de chraic, is mó a thugann aghaidh ar an gCumann Drámaíochta. Ní gá go mbeifeá líofa sa Ghaeilge chun páirt a ghlacadh sna drámaí; ag deireadh thiar thall, beidh na línte á gcur de ghlan mheabhair agat nuair a ghlacann tú páirt sna drámaí.

Tá sé de nós againn dhá dhráma bheaga a léiriú i rith na bliana agus aon dráma mór amháin a thugaimid timpeall na tíre chuig dhá chomórtas difriúla. Ní hamháin aisteoirí a bhíonn uainn. Bíonn gá le stiúrthóirí is scríbhneoirí chomh maith. Tá súil agam go ndéanfaidh sibh bhur machnamh air. Beidh fáilte is fiche romhaibh!!

Ríomhphost: cumannd@uccsocieties.ie Facebook: An Cumann Drámaíochta UCC

**Méabh de Brún.**

# ÁRAS UÍ THUAMA

**Ceolchoirm le Jimmy Crowley in Áras Uí Thuama ar 5 Samhain 2012.**

**Tráth na gCeist le Liam Mac an Mhaoir an mhí seo caite.**

**Turas timpeall na cathrach i Mí Mheán an Fhómhair.**

Comhghairdeachas ó chroí le Lára Ní Dhálaigh a tháinig sa tarna háit sa chraobh den Chomórtas Díospóireachta Tríú Léibhéil ag an Oireachtas ar 3 Samhain 2012.

Comhghairdeachas ó chroí le Caitríona Nic Bhloscaidh a bhuaigh scoláireacht tríú leibhéil dá torthaí san Ard Teist. Deineann JP McManus urraíocht ar na scoláireachtaí agus bhí an bronnadh ar siúl ar 17 Samhain 2012 in Ollscoil Luimnigh. Bhí iar-Uachtarán Mheirice, Bill Clinton mar aoi speisialta ag an ócáid. Bronnadh roinnt scoláireachtaí air féin is é ina mhac léinn agus roinn sé a scéal féin leis na buaiteoirí.

Comhghairdeachas ó chroí le Niall Colbert a bhuaigh duais acadúil idirnáisiúnta. Bhronn an tUachtarán, Mícheál D. Ó hUiginn an duais ar Niall ag an mbronnadh i mBaile Átha Cliath ar 8 Samhain 2012. Ba é “The Waiting Game: The Human Condition of Being in Time in the Theatre of Samuel Beckett” teideal a aiste.

Comhghairdeachas ó chroí le hiar-áitritheoir Louise Ní Mhuircheartaigh, a bhuaigh gradam caide. Is sárimreoir peile na bliana í! Bhí an bronnadh ar siúl ar 10 Samhain 2012 i mBaile Átha Cliath.

# Bréagchúirt Uí Dhálaigh 2012

Comhghairdeachas ó chroí le Gearóidín Ní Fhíobhuí agus Audrey Ní Loingsigh a bhuaigh Bréagchúirt Uí Dhálaigh Ghael-Linn 2012. Agus é ag tréaslú leis na buaiteoirí, dúirt Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Ghael-Linn 'Cúis shásaimh do Ghael-Linn an tóir leanúnach atá ag mic léinn dlí ar Bhréagchúirt Uí Dhálaigh. Toisc stádas dlíthiúil na Gaeilge in Éirinn agus san AE, tá níos mó deiseanna fostaíochta anois ann ná riamh i gcomhair dlíodóirí a bhfuil máistreacht acu ar an nGaeilge. Is léiriú é ar stádas na Gaeilge sna cúirteanna go bhfuil triúr breithiúna sinsearacha mar mholtóirí ar an mBréagchúirt i mbliana'.

# Coiste Sapienti - Preasráiteas

Eisiúint: De hAoine 14 Meán Fómhair 2012.

*Tús:*

"Tionóladh an séú cruinniú de chuid *Coiste Sapienti* i gCnoc Mhuire, Co. Mhaigh Eo, idir 11-14 Meán Fómhair 2012 d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an aistriúchán Gaeilge atá molta do *Missale Romanum*. I láthair ag an gcruinniú bhí Pilib Ó Buaidhe, Easpag Rath Bhoth, Breandán Ó Ceallaigh, Easpag Achadh Chonaire, an tOllamh Pádraig Ó Riain, Leas-Chathaoirleach, an Dr. Caitríona Ó Dochartaigh, an tAth. Mícheál Ó Loingsigh, An Moinsíneoir James O'Brien, An tUas. Brian Ó Donnchadha, agus an tAth. Joseph Briody, Rúnaí. Bhí an tOllamh Ó Riain mar chathaoirleach ag an gcruinniú mar nach raibh an Cathaoirleach Mícheál Ó Nearaigh, Ard-Easpag Thuama in ann bheith i láthair.

Rinne an Coiste tráchtaireacht ar na Paidreacha a úsáidtear ag tús an Aifrinn agus ar na Paidreacha Buíochais ag deireadh an Aifrinn. Rinneadh athbhreithniú chomh maith ar na hAifrinn do *Cóir na Naomh* agus ar *Preafáidí* na nAifreann seo. Scrúdaíodh an t-ábhar a bhí fágtha ó *Tráth na Cásca* sa Leabhar Aifrinn (3ú Domhnach den Cháisc - Domhnach Cincíse). Anuas air sin, pléadh le *Aifrinn na Marbh*. Moladh an t-ardchaighdeán a bhí ar an dréachtaistriúchán Gaeilge.

Tionólfar an chéad chruinniú eile den Choiste i gCorcaigh i mí Dheireadh Fómhair."

*Críoch.*

Teagmháil: An tAth. Joseph Briody, Rúnaí, 074 9138011.

# CLÁR FÓGRAÍ

## Gearrchúrsa Gaeilge i mBaile an Fheirtéaraigh

**Eagla roimh agallamh – ná bíodh!**

Is gearr go mbeidh daoine ag tabhairt faoi agallaimh/scrúdaithe cainte sa Ghaeilge do choláistí oiliúna nó cúrsaí Gaeilge éagsúla. Beidh cúrsa deireadh seachtaine againn anseo ar an mBuailtín ón 23-24 Samhain 2012. Tosnóimid an dianchúrsa teanga tráthnóna Dé hAoine ar 6.30 agus críochnóimid ar an Satharn timpeall a 4.00pm. Deis í seo do rannpháirtithe slacht a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha in atmaisféar taitneamhach, compórdach. Tabharfaidh an cúrsa misneach d'éinne a bheidh i mbun agallamh/scrúdaithe cainte. €90 costas an chúrsa. Breis eolais ó eolas@cfcd.ie nó 066 9156100

## Ceolchoirm Cheiliúrtha R na G

23 Samhain i Halla na Feothanaí ar 8pm.
40 bliain ar an bhfód!
Beidh an craoltóir agus ceoltóir Pádraig Ó Sé mar fhear an tí agus beidh sárcheoltóirí agus amhránaithe páirteach sa cheiliúradh.

www.rte.ie/rnag/

## Eagarfhocal

Fáilte go chéad eagrán na bliana 2012/2013. Más mian le héinne alt, léirmheas, dán, scéilín nó fógra a scríobh don chéad eagrán eile cuir do phíosa go hOifig na Gaeilge Labhartha nó cuir ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie

## Comórtas

Ainmnigh an duine seo a oibríonn in Áras Uí Rathaille

Dearbhán €30 (An Post) an duais!

**Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie nó cuir do fhreagra go hOifig na Gaeilge Labhartha faoin 30 Samhain.**

## Oíche Cheiliúrtha Ghael-Taca

25 bliain ar an bhfód!
30 Samhain in Óstán Bhaile an Róistigh ar 8pm
Ceol, craic agus rince geallta!

www.gael-taca.com

## Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin

30 Samhain – 2 Nollaig
www.eigse.ie/

**CLUB GAEILGE UCC**

**DON FHOIREANN**
**SA tSEOMRA CAIDRIMH**
**GACH DÉARDAOIN**
**1PM**

**FÁILTE ROIMH GACH ÉINNE**